# **Colscaradh** – *le Pádraig Mac Suibhne.*

## Téama:

Baineann an dán seo le deacrachtaí caidrimh idir dhaoine pósta. Sa dán seo, feicimid fear traidisiúnta pósta le bean nua-aimseartha. Nuair a phós an fear, shantaigh sé saol socraithe i measc a mhuintire. Ach nuair a phós an bhean, shantaigh sí neamhspleáchas ina saol. Bhí an fear ag iarraidh go mbeadh clann agus teach compordach aige, ach bhí an bhean ag iarraidh laethanta saoire thar sáile agus meas ó dhaoine eile. Tá easpa tuisceana le feiceáil idir an bheirt, agus níor réitigh siad le chéile dá bharr. Theip ar an chleamhnas agus, sa deireadh, scar siad. Is téama eile é mianta an duine. Déantar cur síos cruinn ar na mianta difriúla a bhí ag an fhear agus an bhean. Difríochtaí doréitithe ba chúis leis an bhriseadh.

## Mothúcháin:

Is iad grá, brón agus díomá na mothúcháin a mhúsclaíonn an dán seo ionam. Baineann an dán seo le téama atá brónach ach, ar an drochuair, réalaíoch ar fad. Sa chéad véarsa, tugann an file pictiúr dúinn de theach breá, cluthar. Is íomhá tíriúil traidisiúnta é seo. Sa dara véarsa, feicimid meon difriúil ar fad. Shantaigh an bhean cumhacht agus údarás ina saol. Ba mhaith léi a bheith ar chomhchéim lena fear chéile. Tá codarsnacht le feiceáil idir an dá dhearcadh. Cuirtear deireadh tobann leis an dán sa deireadh. Tá díomá trom le brath sa dá líne deiridh. Ní féidir na fadhbanna caidrimh a réiteach, agus cuireann sin brón an domhain orm.

## Barúl:

Is aoibhinn liom an dán seo mar tá an mothú ó chroí ann. Éiríonn leis an fhile tromchúis na heachtra a chur in iúl. Cé go bhfuil rudaí difriúla de dhíth ón bheirt, ní thógann an file taobh ar bith. Ní thugann sé breith ar dhuine ar bith, agus taitníonn sin liom. Tá meon an fhile réasúnta agus cothrom. Tá ceol agus rithim ar leith sa dán. Tá an sórt ceangail sa deireadh thar a bheith éifeachtach chun briseadh síos an chaidrimh a léiriú. Faighimid dearcadh oibiachtúil sa dán, agus tuigimid cruachás na beirte. Is dán dea-scríofa é le stíl shimplí a thaitníonn leis an léitheoir.